# Pacáiste d'Iriseoirí

Leideanna faoi conas a bheith sábháilte ar líne

Coimisiún na Meán

**I gComhar le**

An Garda Síochána
Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí

# Ról Choimisiún na Meán





## Is é Coimisiún na Meán **rialtóir meán na hÉireann**

Táimid freagrach as a chinntiú go bhfuil ardáin ar líne, atá bunaithe in Éirinn, ag cloí le rialacha an Chreata Sábháilteachta ar Líne.

Tá sé de chúram orainn freisin **An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (EMFA)** a fhorfheidhmiú, gníomh a tháinig i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2025. Cuireann EMFA cosaintí speisialta ar fáil d'iriseoirí.

Má fhaightear amach nach bhfuil ardáin ar líne ag cloí leis na rialacha, is féidir le Coimisiún na Meán fíneálacha suas le €20 milliún a ghearradh.

**Ár bhFís:** Ar son meáin atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.

Coimisiún na Meán

# Cén fáth a bhfuilimid ag cur an phacáiste seo i dtoll a chéile?



# Staidreamh faoin iriseoireacht agus fuathchaint ar líne

Dúirt **73%** de bhaniriseoirí as 125 tír go ndearnadh 'foréigean ar líne' dóibh ag an obair, de réir suirbhé ó 2020 a rinne UNESCO/An Lárionad Idirnáisiúnta d'Iriseoirí.

Dúirt **30% d'iriseoirí** go ndearna siad **féinchinsireacht** ar na meáin shóisialta, agus dúirt 20% gur éirigh siad as gach idirghníomhú ar líne

– Posetti, J, Aboulez N, Bontcheva K, Harrison J, Waisbord S, 2020, *Online Violence Against Female Journalists: A Global Snapshot of Incidents and Impacts*

D'aithin suirbhé a rinneadh in **2022** sa RA go ndúirt beagnach leath de bhaniriseoirí gur lú a chuir siad a gcuid oibre chun cinn ar líne chun an baol a d'fhéadfadh a bheith i gceist léi a laghdú, agus dúirt beagnach duine as cúigear (18%) gur mar gheall ar an diúltachas a chonaic siad ar líne a smaoinigh siad faoi **thionscadal na meán a fhágáil ar fad**.

– Women in Journalism & Reach plc 2023, *Online Harms Against Women in Journalism and media,* Tuarascáil Taighde 2023

In **2020** d'aithin suirbhé de chuid Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí (a rinneadh ar iriseoirí fireanna agus baineanna) sa RA gur aontaigh 78% d'iriseoirí go bhfuil ciapadh 'normalaithe agus go meastar gur chuid den jab é', agus dúirt leath díobh (51%) go ndearnadh drochíde orthu ar líne le bliain anuas.

*– Suirbhé Sábháilteachta ar Bhaill Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí 2020*

‘Is duine mé a bhfanfainn glan ar labhairt amach faoi rudaí nó tuairim a léiriú mar gheall ar an nimh atá le fáil amuigh ansin ... Mar sin ligeann tú dá lán rudaí, agus ní deir tú mórán ar chor ar bith.’

Coimisiún na Meán

*– Iriseoir (Wheatley, Dawn, 2023, Social Media and online hostility: Experiences of women in Irish journalism, lch 2)*



Coimisiún na Meán

# Céard is féidir liom a dhéanamh má dhéantar mí-usáid orm ar líne?


Coimisiún na Meán

Má fheiceann tú ábhar díobhálach, mídhleathach nó maslach ar líne, nó má sheoltar chugat é, **tuairiscigh** an cás don ardán ar dtús **i gcónaí**. Tríd sin, cuirtear oibleagáid ar ardáin déileáil leis an ábhar achrannach.

Cuir in iúl do **d'eagarthóir nó do bhainisteoir líne** cuí má fhaigheann tú ábhar drochídeach ar líne agus/nó cathain a fhaigheann tú é. Tríd sin a dhéanamh, is féidir é a dhoiciméadú agus is féidir gníomh breise a dhéanamh, más gá. Cur ceist ar mhaor gheataí an **Grúpa Rannpháirtíochta sna Meáin (MEG)** (de ghnáth d'eagathóir) faoi rogha phróiseas tuarascála an Ghrúpa Rannpháirtíochta sna Meáin.

Is mór an obair atá déanta chun tacú le hiriseoirí in Éirinn. Féadfaidh d'eagarthóir tú a atreorú chuig an nGrúpa Rannpháirtíochta sna Meáin (MEG). Is struchtúr tacaíochta é sin le haghaidh iriseoirí, a ndéanann an Garda Síochána cathaoirleacht air, in éineacht le Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí agus ionadaithe na meán. Tagann siad le chéile uair sa ráithe chun saincheisteanna sábháilteachta iriseoirí a athbhreithniú agus tá naisc dhíreacha acu le forfheidhmiú agus cainéil imscrúdaithe chóiriúil.

Má tá tú faiteach faoi do shábháilteacht láithreach, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis An nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.



Coimisiún na Meán

# Cásanna féideartha
## Cad ba cheart dom a dhéanamh?






Coimisiún na Meán

# Cás 1

Teachtaireachtaí bagracha a fháil

Cás 1

## Ceist

Tá ríomhphoist, tráchtanna agus postálacha meán sóisialta bagracha faighte agam ó bhaill den phobal nach raibh ar aon intinn le m’alt tuairimíochta. Rud a bhí suimiúil ná gur scríobh comhghleacaí fireann alt a bhí cosúil le mo cheannsa ach ní bhfuair seisean leathoiread na dtráchtanna. Is cosúil gur feachtas spriocdhírithe atá ann ar bhealach éigin, toisc go bhfuil mé ag fáil mí-usáid ó raon cuntas. Thug mé neamhaird orthu ar dtús, ach luaigh postáil amháin go rabhthas ‘ag fanacht liomsa’ taobh amuigh de m’ionad oibre agus bhí cúpla postáil ann a bhí an-ghlinn agus gnéasach faoina raibh siad ag iarraidh a dhéanamh liom.

Mothaím go bhfuiltear ag faire orm agus tá sin ag dul i bhfeidhm ar mo chumas mo jab a dhéanamh, toisc go bhfuil mé scanraithe. Cad a dhéanfaidh mé?




# Cás 1

Teachtaireachtaí bagracha a fháil

Cás 1

## Freagra

Cé go bhfuil an ceart ag daoine easaontú leat, níl sé ceart go mbeadh eagla ort toisc go bhfuil tú ag déanamh do chuid oibre. Ní gá duit cur suas le leibhéal ar bith drochíde agus níor cheart duit neamhaird a dhéanamh uirthi. Sa chás seo, tá sé tábhachtach **labhairt leis An Garda Síochána** má mhothaíonn tú go bhfuil do shábháilteacht faoi bhagairt phráinneach.

Ba cheart duit **labhairt le d’eagarthóir nó do bhainisteoir líne cuí** freisin, toisc go bhfuil sé tábhachtach go mbeidís-sean ar an eolas faoi fhadhbanna a théann i bhfeidhm ar d’fholláine agus ar do chumas oibre. Féadfaidh siad d’ábhair imní a tharraingt anuas leis an nGrúpa Rannpháirtíochta sna Meáin de chuid an Gharda Síochána, fóram a théann i ngleic le cúrsaí a bhaineann le sábháilteacht iriseoirí, ciapadh agus mí-usáid san áireamh, agus uaireanta géaraítear an próiseas ina imscrúdú coiriúil.




# Cás 1

Teachtaireachtaí bagracha a fháil

Coimisiún na Meán

Cás 1

## Tacaíochtaí breise

Faigh amach cad iad na tacaíochtaí atá ar fáil i d’eagraíocht féin le dul i ngleic leis an bhfadhb seo. An bhfuil foireann comhpháirtíochta ardáin ann a bhfuil teagmháil dhíreach aici le cuideachtaí meán sóisialta? Mura bhfuil, is féidir leat na postálacha agus tráchtanna sin a thuairisciú do na hardáin ar a bhfaca tú iad. Tá ciapadh nó bagairtí báis mídhleathach agus is féidir iad a thuairisciú mar ‘ábhar mídhleathach’. Tá eolas ar fáil ar ár suíomh gréasáin maidir le conas tuairisciú a dhéanamh ar ardáin éagsúla. D’fhéadfá na cuntais a bhlocáil nó a bhalbhú freisin, nó na tráchtanna a mhúchadh go hiomlán.

Mura n-aontaíonn tú le cinntí a dhéanann ardán maidir le do thuairisciú, tá an ceart agat go láimhseálfadh Comhlacht deimhnithe um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt gearáin áirithe de do chuid. In Éirinn, tá ACE deimhnithe le haighnis a réiteach a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú téarmaí agus coinníollacha ardán ar líne. Mar is gnách, mura féidir leat teacht ar bhealach le tuairisciú, nó má theastaíonn cúnamh uait, téigh i dteagmháil le Coimisiún na Meán ag www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/tuairisc-gearan-a-dheanamh/rud-a-chonaic-me-no-a-tharla-dom-ar-line/tuairisc-a-thabhairt-duinn/.



# Cás 2

Sonraí pearsanta a roinnt ar líne, gan do thoiliú agus le rún mailíseach

Coimisiún na Meán

Cás 2

## Ceist

Is iriseoir mé agus d’fhreastail mé ar shlógadh polaitiúil don obair le déanaí. Chuir mé mé féin in aithne do ghrúpa daoine a bhí ann agus mhínigh mé gur iriseoir ó XXXX mé. D’iarr mé ar an ngrúpa cén fáth a raibh siad ansin agus cén fáth ar thacaigh siad leis an iarrthóir sin. Dhiúltaigh an grúpa mo cheisteanna a fhreagairt agus ina ionad sin thosaigh siad ceisteanna a chur ormsa. Dúirt siad go raibh mé ag obair le ‘bréagnuacht’ agus go raibh clár oibre agam agus nach gcuirfinn an fhírinne i gcló. Thosaigh siad ar an gcomhrá a thaifeadadh ar bheoshruth, mé a leanúint agus mé a scannánú. Lorg siad m’ainm ar líne, d’aimsigh siad mo sheoladh ríomhphoist, m’ardáin meán sóisialta agus ar bhealach éigin mo sheoladh baile. Ansin chlibeáil siad m’ainm agus roinn siad na sonraí sin ar líne, agus iad ag iarraidh ar a leantóirí mé a chiapadh. Cad is féidir liom a dhéanamh sa chás seo? Tá mé ag smaoineamh anois nach n-oireann an ghairm seo domsa.



# Cás 2

Sonraí pearsanta a roinnt ar líne, gan do thoiliú agus le rún mailíseach

Coimisiún na Meán

Cás 2

## Freagra

Má mhothaíonn tú go bhfuil do shábháilteacht faoi bhagairt phráinneach, ba cheart duit **teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána**. Má dhéantar do shonraí pearsanta a roinnt ar líne gan do thoiliú agus le rún mailíseach (amhail d'uimhir theileafóin phearsanta nó do sheoladh baile), d'fhéadfaí é sin a mheas mar chineál ciaptha. Ba cheart duit tuairisciú a dhéanamh ar aon phostáil ina nochtar do shonraí pearsanta don ardán ar a bhfaca tú í, óir d'fhéadfadh sé go mbriseann an phostáil a dtreoirlínte nó rialacha pobail. Tá sé tábhachtach **é a chur in iúl do d'eagarthóir nó do bhainisteoir líne cuí** freisin, ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi fhadhbanna a théann i bhfeidhm ar do chumas oibre.



# Cás 2

Sonraí pearsanta a roinnt ar líne, gan do thoiliú agus le rún mailíseach

Cás 2

## Tacaíochtaí Breise

Má tá do chuntas meán sóisialta nasctha le d'obair, seans go mbeidh ort do chuid socruithe a phlé le d'eagarthóir. D'fhéadfá saoineamh ar teachtaireachtaí a dhúnadh ar na meáin soisialta, nó a bheith an-chúramach faoi shonraí teangmhála a roinnt ar líne. Agus tú ag tuairisciú na bpostálacha sin do na hardáin, mura bhfaigheann tú freagairt nó mura mbaineann siad anuas na postálacha ina bhfuil do shonraí pearsanta, ba cheart go mbeifeá in ann achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin. Mura bhfaigheann tú an deis sin le hachomharc a dhéanamh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán.



# Cás 3

Ábhar ar líne a bhaint



Cás 3

## Ceist

Baineadh anuas roinnt postálacha a scríobh mé ar líne faoi ábhar áirithe. Níor tugadh dom aon chúis leis sin agus níl mé cinnte cén fáth ar tharla sé. Cad is féidir liom a dhéanamh sa chás seo? Mar iriseoir, mhothaigh mé go raibh mé ag cur leis an díospóireacht dhaonlathach. Níl mé sásta gur baineadh mo phostálacha díreach mar sin. An cinsireacht é seo? An féidir liom tuairisciú do Choimisiún na Meán?



# Cás 3

Ábhar ar líne a bhaint

Cás 3

## Freagra

Áirítear sa Chreat Sábháilteachta ar Líne an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ina leagtar amach go soiléir nach mór aon chinneadh i leith ábhar úsáideora (i.e. ábhar bainte nó srianta) a mhíniú agus ní mór **'ráiteas cúiseanna'** a thabhairt i dtaca leis an gcinneadh sin. Ní mór d'ardáin rogha a thabhairt duit achomharc a dhéanamh in aghaidh a gcinnidh freisin.

B'fhéidir go mbeadh rogha ann freisin próiseas **Comhlachta um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt** a úsáid le haghaidh gearáin áirithe. Tríd an ráiteas cúiseanna sin a chur ar fáil don úsáideoir, tacaítear le saoirse cainte agus tugtar trédhearcacht isteach sa phróiseas modhnóireachta ábhair. Mura ndéantar é sin, ba mhaith le Coimisiún na Meán, a imríonn ról chun na rialacha sin a fhorfheidhmiú, an t-eolas sin a fháil.



# Cás 3

Ábhar ar líne a bhaint



Cás
3

## Tacaíochtaí breise

Aithnítear sa Ghníomh Eorpach um Shaoirse na Meán (a tháinig i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2025) an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht iriseoirí sa tsochaí. Dá réir sin, beidh de cheart ag meáin aitheanta cúiseanna a fháil maidir le baint a n-ábhair *sula* mbaintear é. Mura ndéantar é sin, ba mhaith le Coimisiún na Meán an t-eolas sin a fháil. Is féidir leat tuairisciú a dhéanamh do Choimisiún na Meán trínár bhfoirm.



Coimisiún na Meán

Cás 4

## Ceist

Chonaic mé íomhánna ionramháilte díom féin ar líne ina raibh mé ag cur táirge chun cinn. Camscéim a bhí ann agus baineadh úsáid as m’íomhá gan cead uaim. Téann sé sin i bhfeidhm ar mo chreidiúnacht mar iriseoir, toisc go ndéanann na fógraí sin tagairt do mo thacaíocht le brúghrúpa. Cad is féidir liom a dhéanamh sa chás seo? Céard iad na cearta atá agam? An ndéanaim tuairisciú do Choimisiún na Meán?

# Cás 4

Ionramháil íomhá/domhainbhrionnuithe





# Cás 4

Ionramháil íomhá/domhainbhrionnuithe



Cás 4

## Freagra

Má bhaintear úsáid as d'íomhá mar fhógra, nó má athraítear ina híomhá ionramháilte í gan do thoiliú, d'fhéadfadh iarmhairtí dlíthiúla a bheith ag baint leis sin. Má fheiceann tú camscéim ar líne, féadfaidh tú é a **thuairisciú mar rud mídhleathach** ar an ardán ar a bhfaca tú í. Ba cheart an bealach le hábhar díobhálach agus mídhleathach a thuairisciú a bheith so-aimsithe agus so-úsáidte ar ardáin. Mura bhfuil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Meán.



# Cás 4

Ionramháil íomhá/domhainbhrionnuithe



Cás 4

## Tacaíochtaí breise

I gcás mar seo, féadfaidh tú gabhálacha scáileáin a thaispeáint don Gharda Síochána mar fhianaise. I gcásanna áirithe, féadfaidh tú caingean dlí a thionscnamh i gcoinne na heagraíochta a tháirg na fógraí sin. Roimhe seo dhearbhaigh iriseoirí eile go poiblí go bhfuil siad ar an eolas faoi bhréagfhógraí fúthu féin, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chur chuige úsáideach i leith na faidhbe.




# Cás 5

An fáth a bhfuil sé tábhachtach tuairisciú a dhéanamh

Cás 5

## Ceist

Tá a fhios agam nach mbeidh gach duine ar aon intinn liomsa faoin cad atá á scríobh agus á rá agam, agus tá sin ceart go leor. Tá a fhios agam nach mór dom ábhair imní a tharraingt anuas le m'eagarthóir agus go bhféadfainn dul chuig An nGarda Síochána dá mbeadh mo shábháilteacht faoi bhagairt. Mar sin féin, is minic a bhíonn cuid mhaith den mhí usáid a dhéantar dom caolchúiseach, ar nós maslaí nó drochainmneacha. Má dhéanaim tuairisciú air sin do na hardáin, deirtear dom nach sáraíonn sé a dtéarmaí agus coinníollacha. Ach cuireann an méid drochíde caolchúisí a fhaighim isteach orm – bím ag dul i ngleic le méid seasta daoine ag ceistiú mo ghairmiúlachta nó maidhm dhrochíde amach is amach. An fiú dom é sin a thuairisciú?




# Cás 5

An fáth a bhfuil sé tábhachtach tuairisciú a dhéanamh

Cás 5

## Freagra

Tuigimid gur ábhar frustrachais é. **Tá an ceart agat dul chuig An nGarda Síochána** má fhaigheann tú bagairtí báis, nó má mhothaíonn tú go bhfuil do shábháilteacht faoi bhagairt phráinneach. Faoi Chreat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann, tá trí dhlí arb é is aidhm dóibh dul i ngleic le hábhar díobhálach agus mídhleathach ar líne. Ar cheann de na príomhchoinníollacha, ba cheart córais tuairiscithe a bheith so-aimsithe agus so-úsáidte. Forfheidhmíonn Coimisiún na Meán na rialacha sin. Mar iriseoir, ní féidir an t-easaontú a sheachaint, ach **níl mí-usáid agus bagairtí ina gcuid de bhur n-obair agus níor cheart go mbeadh.** Is é an phríomhchéim is féidir leat a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt air sin ná ábhar mí-usáideach a thuairisciú do na hardáin.

Coimisiún na Meán




# Cás 5

An fáth a bhfuil sé tábhachtach tuairisciú a dhéanamh

Cás 5

## Freagra

Ba cheart duit ábhar mí-usáideach a thuairisciú don ardán agus mura bhfuil tú sásta lena gcinneadh (an t-ábhar a bhaint, a shrianadh nó a fhágáil ar líne), is féidir leat gearán a dhéanamh. Mura bhfuil tú in ann teacht ar bhealach le tuairisciú a dhéanamh, téigh i dteagmháil le Coimisiún na Meán óir ba mhaith linn a bheith ar an eolas i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil na hardáin ag cloí leis na rialacha. Tá sé de cheart agat leas a bhaint as próiseas um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt, trí Chomhlacht deimhnithe um Réiteach Díospóidí Lasmuigh den Chúirt, mura bhfuil tú sásta le cinntí áirithe a rinne ardán ar líne.




# Cás 5

An fáth a bhfuil sé tábhachtach tuairisciú a dhéanamh

Cás 5

## Tacaíochtaí breise

Sna cásanna go léir, ba cheart duit **gabhálacha scáileáin a ghlacadh** d'aon mhí-usáid a dhéantar ort ar líne, agus **í a thuairisciú do d'eagarthóir nó do bhainisteoir líne cuí.** Leis sin beidh siad in ann taifead a choinneáil agus fianaise a bhailiú, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú chun a dheimhniú cé acu atá drochíde dírithe ar chomhghleacaithe eile freisin (eagraíochtaí eile san áireamh) nó nach bhfuil.

D'éirigh le hiriseoirí Éireannacha eile an cur chuige sin a úsáid roimhe seo agus rinneadh an postálaí ciontach a ionchúiseamh i gciapadh.

# An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar ábhar mí-usáideach ar líne



# Físeán: An difríocht idir tuairisciú a dhéanamh ar ábhar díobhálach/mí-usáideach agus mídhleathach




**www.cnam.ie/conastuairisciú**

# An chaoi le hábhar mídhleathach ar líne a thuairisciú

Coimisiún na Meán

## 1

Ba cheart duit **ábhar mídhleathach a thuairisciú don ardán** ar a bhfaca tú é agus úsáid á baint as an **bhfoirm chun ábhar mídhleathach a thuairisciú.**

Is féidir gur gá duit do sheoladh ríomhphoist a chomhroinnt mar aon leis na cúiseanna ar dóigh leat go bhfuil an t-ábhar mídhleathach.

## 2

Nuair a bheith **ábhar mídhleathach** tuairiscithe, ní mór don ardán freagra a thabhairt agus **cinneadh** a sholáthar duit maidir le conas a dhéileáil sé le do thuairisc, agus na cúiseanna lena chinneadh á leagan amach.

Caithfidh an cinneadh a bheith tráthúil.

## 3

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh **ardáin** tar éis tuairisc a thabhairt nó tar éis dó ábhar **a bhaint**, is féidir leat an cinneadh sin a **achomharc** ar an ardán.

Ba cheart é a bheith soiléir duit conas é sin a dhéanamh, agus ba cheart é a bheith éasca an córas achomhairc a aimsiú.

## 4

Má cheapann tú **nár chomhlíon an t-ardán a oibleagáidí**, is féidir leat **gearán** a dhéanamh le Coimisiún na Meán ag usáid ár bhfoirm.

# An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar ábhar díobhálach/mí-usáideach ar líne

Coimisiún na Meán

1

Más rud é go bhfuil rud éigin **díobhálach**, ach nach bhfuil sé mídhleathach, is féidir gur sárú é sin ar an gCód Sábháilteachta ar Líne nó ar chaighdeáin phobail an ardáin (i.e. rialacha nó téarmaí agus coinníollacha an ardáin), mar sin ba cheart duit **é a thuairisciú don ardán**.

2

Nuair a bheidh ábhar díobhálach tuairiscithe, is féidir go dtabharfaidh ardáin freagra chun an tuairisc a aithint, ach is féidir nach bhfaighidh tú cúiseanna i dtaobh an fhátha a bhfuil nó nach bhfuil an t-ábhar á bhaint. Caithfidh an cinneadh a bheith tráthúil.

3

Mura bhfuil tú sásta le cinneadh **ardáin** tar éis tuairisc a thabhairt nó tar éis don ardán ábhar a bhaint, is féidir leat an cinneadh sin a **achomharc** ar an ardán.

Ba cheart é a bheith soiléir duit conas é sin a dhéanamh, agus ba cheart é a bheith éasca an córas achomhairc sin a aimsiú.

4

Má cheapann tú **nár chomhlíon an t-ardán a oibleagáidí**, is féidir leat **gearán** a dhéanamh le Coimisiún na Meán ag usáid ár bhfoirm.

Coimisiún na Meán

# Cad is ábhar mídhleathach ann?

| **Más ionann an t-ábhar agus:** | ***<u>D'fhéadfadh</u>* sé a bheith mídhleathach faoi:** |
|---|---|
| Baol inchreidte foréigin | An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 |
| - Cuid d'fheachtas ciaptha (cibearbhulaíocht, mar shampla)<br>- Cumarsáid bhagrach nó thar a bheith colúil a chuireann imní ort nó a chuireann as duit go mór | An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997<br><br>An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 |
| Ábhar bagrach, drochídeach nó maslach atá beartaithe le fuath a spreagadh i gcoinne grúpa daoine mar gheall ar a gcine, dath craicinn, náisiúntacht, reiligiún, dúchas eitneach nó náisiúnta, mar gheall gur baill den Lucht Siúil iad, nó mar gheall ar a gclaonadh gnéis, nó ar dócha dó na cineálacha fuatha sin a spreagadh | An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989 |
| Íomhá nár iarradh de bhaill ghiniúna duine éigin a chuireann imní, faitíos nó scanradh ar an té a fuair an íomhá | An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 |
| Íomhá dhlúthphearsanta a roinneadh gan cead | An tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020 |
| Ábhar a spreagann gníomhaíocht sceimhlitheoireachta nó a bhagraíonn gníomh sceimhlitheoireachta a dhéanamh | An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 |

Is éard atá sa tábla seo ná achoimre ardleibhéil. <u>Ní comhairle dlí atá ann</u>, agus ní léiríonn sé an seasamh a d'fhéadfadh a bheith ag Coimisiún na Meán i gcomhthéacs imeachtaí rialála ina bhfuil brí na bhforálacha ina húdar imní.

Coimisiún na Meán

# Rannáin chuidithe ar ardáin éagsúla

| Nósanna imeachta chun ábhar a sháraíonn rialacha an phobail/téarmaí agus coinníollacha a thuairisciú | Nósanna imeachta chun ábhar mídhleathach a thuairisciú |
|---|---|
| An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Facebook | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Facebook |
| An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Instagram | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Instagram |
| An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar X | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar X |
| An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar TikTok | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar TikTok |
| An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar LinkedIn | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar YouTube |
| An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar YouTube | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Google |
| An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Google | An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Bing |
| An chaoi le tuairisc a dhéanamh ar Bing | Ardáin eile: féach an nasc anseo le haghaidh tuilleadh eolais |

# An chaoi le hábhar mídhleathach nó ábhar díobhálach/drochídeach ar na hardáin a thuairisciú

Tabhair cuairt ar ár suíomh [www.cnam.ie/conastuairisciú](http://www.cnam.ie/conastuairisciú) chun treoracha céim ar chéim (le pictiúir) a fháil faoin gcaoi le hábhar díobhálach agus ábhar mídhleathach a thuairisciú ar ardáin éagsúla. Tá níos mó treoracha ag teacht!

YouTube

X



# Conas is féidir liom teagmháil a dhéanamh leis An nGarda Síochána?

Coimisiún na Meán

## Conas is féidir liom cás éigeandála a thuairisciú?

Má tá tú faiteach faoi do shábháilteacht láithreach, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.

Is ionann éigeandáil agus aon eachtra a bhfuil gá le freagairt láithreach ón nGarda Síochána ina leith, mar shampla:

- Baol don bheatha
- Baol de ghortú tromchúiseach
- Coir atá ag tarlú nó ar tí tarlú
- An ciontóir fós ar an láthair nó díreach imithe uaithi

## Conas is féidir liom coireanna eile a thuairisciú?

Chun coir nach coir éigeandála í a thuairisciú, is féidir leat dul chuig aon Stáisiún Gardaí.

Is féidir le Garda tuairisciú ar choir a ghlacadh uait in aon stáisiún. Is féidir leat sonraí do Stáisiúin Gardaí áitiúil a fháil anseo.

## An bhfuil próiseas ann d'iriseoirí?

Má tá imní ort faoi eachtra agus mura bhfuil tú cinnte cad ba cheart a dhéanamh, labhair le d'eagarthóir faoi do chuid roghanna. Lena gcabhair, is féidir leat a mheas ar cheart tuairisciú a dhéanamh don Gharda Síochána trí **phróiseas tuairiscithe MEG** lena thaifeadadh. Ach é a iarraidh, is féidir leat comhairle agus treoir a lorg faoi shábháilteacht ó **Oifigeach Coiscthe Coireachta. Níl** próiseas tuairiscithe MEG le haghaidh cásanna éigeandála nó eachtraí beo.


## Conas is féidir liom coir fuatha a thuairisciú?

Cliceáil anseo chun coir fuatha ar líne a thuairisciú don Gharda Síochána.

Déan aon eachtra a mheasann tú gur spreagadh ag fuath í a thuairisciú don Gharda Síochána i gcónaí.

Má tá tú faiteach faoi do shábháilteacht láithreach, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar 999 nó ar 112.

# Tuairisciú don Gharda Síochána – tar éis an imeacht ardphróifíle




Aithníonn Coimisiún na Meán, Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí agus an Garda Síochána go bhféadfadh sé go mbeadh iriseoirí níos nochta le linn imeachtaí ardphróifíle, ar nós toghchán agus cúrsaí sábháilteachta náisiúnta. Cuirtear i gcuimhne d'iriseoirí gur féidir leo bagairtí, ciapadh nó aon ghníomhaíocht choiriúil fhéideartha eile a thuairisciú don Gharda Síochána tar éis imeacht ardphróifíle freisin. Ba cheart eachtraí a thuairisciú chomh luath agus is féidir.

Tá sé tábhachtach fianaise, ar nós gabhálacha scáileáin etc., a fháil agus a choinneáil maidir leis sin.

**Ba cheart a áireamh san eolas sin:**

- na bagairtí ar leith a rinneadh
- cé a rinne iad (más eol)
- an t-am a rinneadh na bagairtí
- suíomh an ábhair, cuir i gcás an/na URL(anna) beacht(a)
- gabhálacha scáileáin/sonraí ábhartha na teagmhála leis an ardán/na hardáin.

# Tacaíochtaí duit



Coimisiún na Meán

# Tacaigh

- An Coimisiún Eorpach: Cosaintí d'Iriseoirí
- **Grúpa Rannpháirtíochta sna Meáin (Éire):** digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/eu-countries-show-progress-taking-measures-improve-journalists-safety
- **Tacaíocht Chibearchoireachta na nGardaí** www.garda.ie/ga/coireacht/cibearchoireacht/
- www.bemediasmart.ie
- www.factchecking.ie
- **Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí – Cearta na nIriseoirí ar na Meáin Shóisialta** www.nuj.org.uk/static/f7735963-49a3-46e6-ac495ed65307b264/5ddf3d08-1e06-4d6e-a51a364ab094473f/Social-media-journalists-rights.jpg
- **Tacar Uirlisí Sábháilteachta Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí:** www.nuj.org.uk/advice/journalists-safety-toolkit.html

# Tuairiscigh

**Ionad Teagmhála Choimisiún na Meán**

- Ar fáil Luan go Aoine ó 8r.n. go 6i.n.
- Usáid an foirm teangmhála
- Má chreideann tú nach bhfuil ardáin ar líne ag cloí leis na rialacha, is féidir leat gearán a dhéanamh le Coimisiún na Meán. Má tá ceist agat, tá foireann san ionad a bheidh in ann tú a threorú chuig seirbhísí tacaíochta ábhartha maidir le do chearta ar líne agus saincheisteanna sábháilteachta ar líne eile.

**An Garda Síochána:** Glaoigh ar 999 nó 112 i gcás éigeandála. I gcás nach éigeandáil é, téigh chuig stáisiún Garda ar bith, nó fiosraigh de d'eagarthóir nó maor gheata MEG faoi thuairisciú an Ghrúpa Rannpháirtíochta sna Meáin (MEG).

**Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí:** info@nuj.ie

# Conas is féidir le Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí (NUJ) cuidiú leat

Coimisiún na Meán

Is féidir fadhb a thuairisciú do Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí trí ríomhphost a sheoladh chuig info@nuj.ie. Is féidir leis an gCeardchumann comhairle agus tacaíocht a thabhairt duit faoi ábhair éagsúla, nó féadann sé ionadaíocht a dhéanamh duit nó d'ábhar a chu ar aghaidh chuig MEG, más cuí.


**Tá Beolíne Eitice** ann ar féidir glaoch uirthi le do chuid ábhair imní a phlé. Ríomhphost: ethics@nuj.org.uk nó cuir glaoch ar: 0044 845 450 0864.

Tá **cód iompraíochta** ag Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí a chuidíonn leat tuiscint a fháil ar a bhfuiltear ag súil uaitse agus ó dhaoine eile in bhur ról mar iriseoirí.

**Ról Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí**

Coimisiún na Meán

# Aguisín



# Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann = Rialacha nua ar líne

An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (2023) + Cód Sábháilteachta ar Líne (2024) + An Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (2024) = Creat Sábháilteachta ar Líne

Tá deireadh tagtha le ré na féinrialála – tá rialachán reachtúil á chur ina hionad.

# Céard é Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann?

Coimisiún na Meán

## An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán (OSMR)

### An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha

Rialachán AE a bhfuil sé d'aidhm aige timpeallacht shábháilte, chothrom agus iontaofa a chruthú ar líne.

De réir an dlí, ní mór d'ardáin:

- córais tuairiscithe sho-aimsithe agus sho-úsáidte a bheith acu (lena n-áirítear an cinneadh a rinneadh maidir leis an ábhar tuairiscithe a chur ar fáil)
- a leagan amach ina dtéarmaí agus coinníollacha an bealach a n-oibríonn a n-algartaim
- fógraí a lipéadú go soiléir.

Ní mór d'ardáin níos mó iniúchtaí seachtracha a dhéanamh ar bhearta maolaithe riosca (e.g. an méid atá á dhéanamh acu chun a chinntiú go bhfuil a n-ardáin sábháilte).

### Cód Sábháilteachta ar Líne (OSC)

Baineann an cód Éireannach le soláthraithe seirbhísí ardáin comhroinnte físeán (VSPanna) atá lonnaithe in Éirinn.

Ní mór do VSPanna a lua go soiléir ina dtéarmaí agus coinníollacha nach gceadaítear ábhar mídhleathach nó díobhálach.

Ní mór do VSPanna ligeann dá n-úsáideoirí ábhar a thuairisciú agus a chur in iúl dóibh an méid a rinne siad maidir leis an tuairisciú (e.g. an t-ábhar a bhaint).

Ní mór do VSPanna an méid seo a leanas a dhéanamh (de réir mar is cuí):

- bearta agus uirlisí litearthachta sna Meáin a bheith acu
- feasacht úsáideoirí ar na bearta agus na huirlisí sin a mhéadú.

### An Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR)

Rialachán AE a bhfuil sé d'aidhm aige stop a chur le comhroinnt ábhair sceimhlitheoireachta ar líne, agus lena n-éascaítear ábhar den chineál sin a bhaint go tapa ó ardáin.

Áirítear ar ábhar sceimhlitheoireachta gníomhaíocht sceimhlitheoireachta a chur chun cinn, a mholadh agus a spreagadh, chomh maith le daoine eile a ghlaoch chun gnímh le bheith páirteach i ngníomhartha den sórt sin.

Mar an t-údarás inniúil in Éirinn faoin Rialachán, is é an Garda Síochána an t-aon eagraíocht ar féidir léi iallach a chur ar ardán ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint. Bíonn uair an chloig ag an ardán an t-ábhar a bhaint nuair a eisíonn an Garda Síochána rabhadh.

# An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán

Coimisiún na Meán

**Cosaintí Ardán Digiteach (Airteagal 18)**
Faigheann eagraíochtaí meán láimhseáil speisialta agus **'pribhléid na meán'** ar ardáin an-mhór ar líne, lena n-áirítear fógraí 24 uair an chloig sula mbaintear aon ábhar, tosaíocht i láimhseáil gearán, cainéil chumarsáide dhíreacha agus plé éigeantach nuair a chuirtear srian ar ábhar arís is arís.

**Frithfhaireachas agus Cosaint Foinsí**
Cuireann sé cosc ar úsáid earraí spiaireachta i gcoinne iriseoirí agus a dteaghlach (le fíorbheagán eisceachtaí), cosnaíonn sé rúndacht foinsí iriseoireachta agus cumarsáidí agus cuireann sé bac ar ionchúiseamh i rúndacht foinsí a choinneáil.

**Neamhspleáchas Eagarthóireachta agus Réitigh Dhlíthiúla**
Cosnaíonn sé i gcoinne tionchar polaitiúil a imirt ar chinntí eagarthóireachta, cinntíonn sé maoiniú in-athnuaite le haghaidh meáin phoiblí, forálann sé an ceart chun cosanta breithiúnaí, agus cuireann sé de cheangal ar gach Ballstát AE údaráis neamhspleácha a ainmniú le gearáin ó iriseoirí faoi fhaireachas a láimhseáil.

Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin nó féach ar an nasc seo www.cullen-international.com/news/2024/03/-INFOGRAPHIC--Cullen-cheat-sheet-on-the-EU-Media-Freedom-Act.html – Cheat Sheet: Creidiúint – Cullen International

# Do Chearta faoin gCreat Sábháilteachta ar Líne

## An ceart chun **cosaint a fháil ar dhíobháil**

Ní mór d'ardáin ar líne a leagan amach ina dtéarmaí agus coinníollacha an bealach a n-úsáideann siad córais moltaí ar nós fídeanna '*for you*'.

Ba cheart go mbeadh úsáideoirí in ann a rogha socruithe a mhodhnú nó a roghnú go héasca agus go mbeadh níos mó ceannais acu ar an ábhar a fheiceann siad ina bhfíd.

## An ceart chun **tuairisciú** a dhéanamh

Tá sé tábhachtach ábhar díobhálach agus mídhleathach a thuairisciú chuig an ardán ar a bhfaca tú é ar dtús.

Ba cheart córas tuairiscithe so-aimsithe agus so-úsáidte a bheith ann.

## An ceart chun **tú féin a chur in iúl**

Má bhaineann ardán do chuid ábhair anuas, tá sé de cheart agat tuiscint a bheith agat ar an bhfáth leis sin agus an cinneadh sin a achomharc.

Coimisiún na Meán

# Go raibh maith agaibh

Bheimid an-bhuíoch dá bhféadfá 2 nóiméad a thógail chun an foirm aiseolais seo a chomhlánú.

Coimisiún na Meán